


CEILIÚRADH A DHÉANAMH AR MHNÁ I MBUN MATA!



ADA LOVELACE

Rugadh Ada Lovelace (1815-1852) i Londain agus tháinig sé chun tosaigh mar cheannródaí ar ríomhchlárú. Chruthaigh sí cláir don ríomhaire meicniúil a bhí cumtha ag a cara matamaiticeora Charles Babbage. Déantar Lá Ada Lovelace a cheiliúradh ar an dara Máirt i nDeireadh Fómhair.

KAY McNULTY

Rugadh Kay McNulty (1921 - 2006) i nDún na nGall agus chuaigh sí ar imirce mar leanbh go SAM. Rinne Kay staidéar ar an mata i gColáiste Chestnut Hill, Philadelphia, agus le linn an Dara Cogadh Domhanda d'oibrigh sí leis an rialtas mar "ríomhaire" chun cosáin teilgáin diúracán a ríomh. I dtionscadal rúnda, d'fhorbair arm na SA an chéad ríomhaire leictreonach, ENIAC, chun na ríomhanna seo a bhrostrú. Bhí Kay ar dhuine de ghrúpa seisear ban a reáchtáil an ENIAC. Ba iad na chéad ríomhchláraitheoirí nua-aimseartha iad.



DOROTHY VAUGHAN

Bhain Dorothy Vaughan, SAM (1910 - 2008), céim amach sa mhatamaitic ó Ollscoil Wilberforce Ohio i 1929 agus bhí sí ina múinteoir matamaitice. Le linn an Dara Cogadh Domhanda chuaigh sí isteach i gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Aerloingseoireacht, NACA, an eagraíocht a ndearnadh NASA di ina dhiaidh sin. Léiríodh Vaughan sa scannán Hidden Figures, a rinne ceiliúradh ar an méid a chuir mná de dhath leis a rinne na ríomhanna casta le haghaidh iniúchadh spáis.



JOCELYN BELL BURNELL

Rugadh sa Lorgain i gCo. An Dúin í. Tá an tOllamh Dame Jocelyn Bell Burnell ar cheann de na heolaithe is mó a bhfuil meas orthu ar domhan. Tháinig cáil ar Jocelyn as ucht teacht ar pulsáir agus í ina mac léinn iarchéime i gCambridge. Bronnadh Bonn Copley 2021 uirthi, mac léinn iarchéime i gCambridge. Baineann Jocelyn úsáid as mata ina príomhdhuais an Chumann Ríoga. Baineann Jocelyn úsáid as mata ina cuid taighde agus í ag iniúchadh teorainneacha nua san réaltfhisic agus ag briseadh teorainneacha agus ag oscailt san eolaíocht spáis, ag briseadh teorainneacha agus ag oscailt saolta nua. Leis an mata níl aon teorainneacha leis an méid is féidir leat a dhéanamh!

